Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2022/2170(INI)

5.5.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le cruthú post – an t-aistriú cóir agus infheistíochtaí tionchair
(2022/2170(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Sara Matthieu

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le cruthú post – an t-aistriú cóir agus infheistíochtaí tionchair (2022/2170(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú[1],

– ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint do theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiun maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 dar teideal 'Oiriúnach do 55: sprioc Aeráide 2030 an AE a sheachadadh ar an mbealach i dtreo aeráidneodracht' (COM(2021)0550),

– ag féachaint do dhearbhú an 4 Samhain 2021 dar teideal 'Tacú leis na Coinníollacha le haghaidh Aistriú Cóir go hIdirnáisiúnta', arna ghlacadh ag COP26 i nGlaschú,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2022 maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe (COM(2022)0066),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta' (COM(2021)0102),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[3],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2020 dar teideal 'An EU-wide assessment of National Energy and Climate Plans: Driving forward the green transition and promoting economic recovery through integrated energy and climate planning' [Measúnú uile-AE ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide: an t-aistriú glas agus an téarnamh eacnamaíoch a chur chun cinn trí phleanáil chomhtháite fuinnimh agus aeráide], (COM(2020)0564),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 dar teideal 'Clár Oibre

[1] IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
[2] IO L 231, 30.6.2021, lch. 1.
[3] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht' (COM(2020)0274),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 dar teideal 'Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery'[Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Nuashonrú: Margadh Aonair níos láidre a Fhorbairt do théarnamh na hEorpa] (COM(2021)0350),

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht[4],

– ag féachaint don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (COM(2023)0161),

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9 0000/2023),

A. de bhrí go gcuirfidh an t-aistriú glas go mór le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, le héifeachtúlacht fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach, agus athrú ó bhonn á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha eile;

B. de bhrí gur cheart go mbeadh sé i gceist le haistriú cóir an deis a thapú chun poist ardcháilíochta a chruthú, dul i ngleic le hidirdhealú ag an obair agus caighdeáin saothair a ardú;

C. de bhrí gurb iad na hearnálacha ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh deiseanna fostaíochta chun cinn san aistriú chuig geilleagair atá neodrach ó thaobh carbóin de na hearnálacha ina bhfuil líon formhór ag na fir fós;

D. de bhrí, chun neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050, go mbeidh gá le réamhaíocht ar athrú agus ar dhálaí creata oiriúnacha chun tacú le haistrithe ó phost go post, lena n-áirítear sciliú, athsciliú agus uas-sciliú riachtanach an lucht saothair atá ann faoi láthair;

E. de bhrí go meastar gurb ionann an bhearna infheistíochta don ghníomhú ar son na haeráide agus EUR 520 billiún in aghaidh na bliana go dtí 2030;

F. de bhrí gur réamhriachtanas é rannpháirtíocht na n-oibrithe agus na gceardchumann i rialachas an aistrithe agus in oirchill agus bainistiú sóisialta an athraithe chun aistriú cothrom, cuimsitheach agus rathúil a bhaint amach;

[4] IO C 417, 2.12.2020, lch. 1.

Deiseanna don mhargadh saothair sa gheilleagar glas

1. ag cur béim ar an bhfíoras go gcruthaíonn aistriú i dtreo sochaithe agus geilleagair in-athnuaite agus chiorclacha an acmhainneacht chun poist nua a chruthú agus chun poist ghlasa agus inbhuanaithe a dhéanamh den fhostaíocht atá ann cheana i mbeagnach gach earnáil;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht fostaíochta an aistrithe ghlais nasctha freisin le gníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe amhail athchóiriú fuinnimh, deisiú agus feirmeoireacht orgánach a bheith níos déine ó thaobh saothair de ná na gníomhaíochtaí atá á n-ionadú acu;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag an aistriú poist áitiúla a chruthú nach féidir a bhaint ón tír sin, rud a chuideodh le ceannasacht agus athléimneacht na hEorpa a neartú;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú ar threoirlínte coincheapúla maidir lena bhfuil i gceist le post glas, bunaithe ar a acmhainneacht chun an geilleagar a ghlasú, ar a rannchuidiú le sláinte agus le folláine daoine agus ar obair chuibhiúil;

Obair chuibhiúil ar mhaithe le haistriú cóir

5. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh aistriú glas an mhargaidh fostaíochta fite fuaite le cóineasú aníos i dtreo dálaí oibre níos fearr agus conairí gairme tarraingteacha;

6. ag athdhearbhú a hiarrata gur cheart cistiú AE, lena n-áirítear Státchabhair, a bheith ag brath ar chuspóirí beartais phoiblí, go háirithe ceanglais shóisialta; á chur i bhfios go láidir gur cheart d'údaráis phoiblí dea-shampla a thabhairt agus critéir shóisialta a leagan síos sa soláthar poiblí; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le Soláthar Poiblí chun a áirithiú go dtacóidh cuideachtaí tairbhithe le cómhargáil, le poist ardcháilíochta, le printíseachtaí ardcháilíochta, le pá agus oiliúint chuibhiúil agus chomhionann;

7. á mheabhrú gur cheart rioscaí sonracha in earnálacha nua a chur san áireamh i straitéis sláinte agus sábháilteachta AE agus gur cheart rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide agus as díghrádú an chomhshaoil a ionchorprú inti;

8. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh daoine óga rannpháirteach i bpleanáil aistrithe; á iarraidh ar na Ballstáit a éascú go mbeidh rochtain ag daoine óga ar thréimhsí oiliúna agus printíseachtaí íoctha, ardcháilíochta agus cuimsitheacha;

9. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh comhionannas inscne ina dhlúthchuid de straitéisí an gheilleagair ghlais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gach beart a dhéanamh chun a áirithiú nach n-aistreofar neamhionannais inscne atá ann cheana chuig an ngeilleagar glas atá ag teacht chun cinn;

Scileanna don aistriú cóir

10. á chur i bhfáth gur gá oideachas agus oiliúint a thairiscint i réimsí atá nasctha le

riachtanais scileanna a shainaithnítear i margaí saothair agus in earnálacha atá dírithe ar an todhchaí chun a chinntiú go mbeidh an margadh saothair ullamh don aistriú glas;

11. á chur i bhfáth nach mór go mbeadh ceart aonair ag gach oibrí chun oideachais, chun oiliúna d'fhostaithe agus chun foghlama ar feadh an tsaoil, ar cheart é a léiriú i ngach beartas comhshaoil AE agus náisiúnta, agus i straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe cuideachtaí; á thabhairt chun suntais gur cheart saoire oideachais íoctha a áireamh sa cheart chun oiliúna;

12. á chur i bhfáth go bhfuil ról ag an idirphlé sóisialta, ag an gcómhargáil agus ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le scileanna náisiúnta, earnála agus cuideachta-shonracha a cheapadh le haghaidh straitéisí agus oiliúint ardcháilíochta maidir le poist;

13. á iarraidh ar na Ballstáit forbairt inbhuanaithe, inniúlachtaí comhshaoil agus scileanna comhshaoil a chomhtháthú i gcórais oiliúna agus oideachais;

14. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh an oiliúint ar chaighdeán maith go leor agus go mbeadh cáilíocht mar thoradh uirthi a dhéantar a bhailíochtú trí chórais thrédhearcacha agus aitheantais shoiléire deimhniúcháin lena bhféadfar inchomparáideacht a dhéanamh;

Comhtháthú an bheartais phoiblí chun forbairt iomlán a dhéanamh ar acmhainneacht fostaíochta an aistrithe ghlais

15. á thabhairt chun suntais go bhfuil cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta comhshaoil bunriachtanach chun an acmhainneacht atá nasctha leis an ngeilleagar glas a bhaint amach go hiomlán agus, dá bhrí sin, chun poist a chruthú;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair socheacnamaíoch a chur san áireamh do reachtaíocht chomhshaoil uile lena gcuirfear poist, scileanna agus dálaí oibre san áireamh;

17. á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh chun na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide a thabhairt cothrom le dáta le cuspóirí an aistrithe chóir;

18. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit idirphlé sóisialta earnála agus cómhargáil a chur chun cinn, go háirithe i dtionscail ghlasa nua atá ag teacht chun cinn, agus chun cuimsiú gnólachtaí beaga agus meánmhéide a áirithiú freisin; á chur i bhfáth gur deis iontach í an Treoir maidir le Pá Íosta chun cómhargáil agus láithreacht na gceardchumann in earnálacha atá ag teacht chun cinn a neartú;

19. á iarraidh go ndéanfaí nuashonrú ar Threoir 2002/14/CE maidir le fostaithe in AE a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo chun cearta faisnéise agus comhairliúcháin a áireamh i bpleananna aistrithe arna gcur chun feidhme ag cuideachtaí ar fud a n-oibríochtaí agus a slabhra luacha;

20. á iarraidh go nglacfaidh na cuideachtaí uile a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh pleananna éigeantacha um aistriú cóir, arna gcaibidliú le ceardchumainn agus le hionadaithe oibrithe;

21. á chur in iúl gur oth léi nach gcruthaíonn an togra ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch dóthain spáis fhioscaigh do na Ballstáit chun an infheistíocht ghlas agus shóisialta a dhéanamh ar an scála is gá;

22. á iarraidh go mbeadh athrú mór in AE ó cháin a ghearradh ar phá go cáin a ghearradh ar rachmas chun cruthú fostaíochta a dhreasú agus neamhionannais a laghdú;

23. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá líontáin sábhála láidre chun bearta cruthaithe post a chomhlánú agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár, lena n-áirítear tacaíocht leordhóthanach ioncaim íosta, sochair dhífhostaíochta leormhaithe agus pá íosta;

Infheistiú i gcruthú fostaíochta ar bhonn inbhuanaithe: ról na hinfheistíochta

24. ag aithint a thábhachtaí atá infheistíocht tionchair chun maoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí atá ag tabhairt aghaidh ar riachtanais shóisialta agus chomhshaoil leis an ionchas sainráite go mbeidh toradh intomhaiste sóisialta agus comhshaoil ann, lena n-áirítear maidir le fostaíocht agus cáilíocht na bpost;

25. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an earnáil phríobháideach agus airgeadais maidir le cistiú a chur i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe agus maidir leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a chumasú;

26. á iarraidh go gcruthófaí ciste Eorpach ceannasachta go pras le hairgead AE nua-leithdháilte chun infheistíochtaí mórscála a shlógadh sa teicneolaíocht ghlas;

27. á iarraidh go ndéanfaí méid agus raon feidhme téamach an Chiste um Aistriú Cóir a leathnú;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán agus de chothú a dhéanamh ar infheistíocht agus de chaiteachas ar chruthú post ardcháilíochta laistigh de NextGenerationEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus a áirithiú go leanfaidh Parlaimint na hEorpa de bheith rannpháirteach go dlúth;

°

° °

29. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá iarmhairtí tromchúiseacha ag an athrú aeráide agus d'fhéadfadh siad a bheith tubaisteach. Tá sé ríthábhachtach an treocht sin a a chur ina cheart ar mhaithe lenár bpláinéad, leis na glúnta atá le teacht, agus chun poist agus cearta oibrithe a chosaint. Chuige sin, beidh gá le straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe i ngach earnáil dár ngeilleagar. Le dícharbónú na n-earnálacha eacnamaíocha, beidh deis ann poist nua a chruthú, go háirithe in earnálacha an fhuinnimh agus an gheilleagair chiorclaigh.

Chuir scileanna a foghlaimíodh thar na blianta agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta atá beartaithe roinnt béime ar ról na scileanna san aistriú. Is gnéithe ríthábhachtacha iad uas-sciliú, athsciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun a chinntiú go mbeidh an t-aistriú cothrom agus cuimsitheach. Is mó atá i gceist leis an aistriú cóir ná oiliúint agus scileanna.

Ba cheart go mbeadh an t-aistriú glas ina dheis do dhaoine atá ag obair chun níos mó post agus poist níos fearr a chruthú le fostaíocht chobhsaí, pá cothrom agus dálaí oibre cuibhiúla, agus go mbeadh oibrithe agus ceardchumainn rannpháirteach ag gach céim den phróiseas. San aistriú chuig glan-astaíochtaí nialasacha, ní bheadh ceartas ann dá leanfadh bochtaineacht agus neamhionannas lucht oibre, éiginnteacht eacnamaíoch agus obair fhorbhásach de bheith ag fás mar gheall ar an mbéim a leagtar ar scileanna agus ar an méid post a chruthaítear. Leis an athrú is gá, ba cheart go mbeifí in ann cóineasú aníos a dhéanamh agus gan fostaíocht d'ardchaighdeán a chur i mbaol.

Ag an am céanna, ba cheart tacaíocht phoiblí do chuideachtaí a bheith coinníollach i gcónaí ar chearta oibrithe a urramú. Féadfaidh an tAontas agus na Ballstáit éifeacht chumhachtach stiúrtha a bheith acu, rud a chinnteoidh go ndéanfaidh cuideachtaí a bhaineann tairbhe as tacaíocht ón Aontas a ndálaí oibre a uasghrádú agus infheistíocht a dhéanamh i bpoist atá inbhuanaithe.

Is léir nach féidir leis an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon a bheith réchúiseach ó thaobh ghné an mhargaidh saothair den aistriú. Tugann aistriú cóir le tuiscint go bhfuiltear ag súil go mór le hathrú, ó thaobh cuideachta, rialála agus infheistíochta de. Ba cheart go gcuirfidh córas dreasachtaí cruthú post ardcháilíochta agus inbhuanaithe chun cinn, agus ba cheart tús áite a thabhairt d'infheistíocht a mbeadh tionchar dearfach comhshaoil agus sóisialta aici.